**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2007

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

**CEOL – GNÁTHLEIBHÉAL**

**ÉISTEACHT (100 marc)**

**DÉARDAOIN 21 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 11.00**

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na Marcanna

| CEIST | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- *Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach le sliocht na trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, labhair leis an bhFeitheoir anois.*
- *Éist go gcloise tú an ghíog rabhaidh agus na fógraí ar an taifeadadh.*
- *Tá sé ceadaithe do chuid freagraí a scríobh nuair is mian leat, i rith an taifeadta nó i rith na sosanna.*
- *Scríobh do chuid freagraí ar fad sa cheist-fhreagarleabhar seo sna spásanna atá ann dóibh. I gceisteanna a bhfuil rogha iontu, cuir tic sa bhosca cuí.*
- *Bain leas as na spásanna laistigh den chlúdach cúil le haghaidh sracoibre.*
- *Ná tabhair aon pháipéir eile isteach leat i halla an scrúdaithe.*
- *Níl sé ceadaithe aon fhocal a rá, cnagadh, crónán ná canadh a dhéanamh le linn an scrúdaithe seo.*

**C. 1** Sliocht as an gCantáid *Jesu, der du meine Seele* le Bach.

- Ní sheinnfear an sliocht iomlán ach AON UAIR AMHÁIN. Seinnfear ansin na ranna A, B, agus C, a baineadh as an sliocht seo, TRÍ huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna ar leathanach 3.

**Roinn A, Barraí 1–8**




**Roinn B, Barraí 17–26**




**Roinn C, Barraí 26–53. Níl aon cheol clóbhuailte ann don chuid seo.**

**Roinn A, Barraí 1–8**

(i) Baineadh an sliocht seo as

☐ córáil ☐ áiria aonair ☐ dísréad

(ii) Cén **ceann amháin** de na gnéithe seo a leanas a chloistear sa sliocht seo?

☐ rithim shioncóipithe ☐ seichimh ☐ aithris

(iii) Cuir isteach an t-amchomhartha atá ar iarraidh ar an scór i dtús an tsleachta.

**Roinn B, Barraí 17–26**

(i) Is é an cineál gutha aonair a chloistear sa sliocht seo ná

☐ teanór ☐ dord ☐ alt

(ii) Is iad an dá rithim atá ar iarraidh i mbarra 20 (marcáilte X ar an scór) ná

☐  ☐  ☐ 

(iii) Tá an dúnadh deiridh sa sliocht seo (marcáilte Y ar an scór)

☐ neamhfhoirfe ☐ foirfe ☐ tánaisteach

**Roinn C, Barraí 26–53. Níl aon cheol clóbhuailte ann don chuid seo.**

(i) Ainmnigh an ghaothuirlis a chloistear i dtús an tsleachta seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Is é stíl an cheoil seo ná

☐ Barócach ☐ Clasaiceach ☐ Rómánsach

Sainaithin dhá ghné de chuid na stíle seo a chloistear sa Chantáid seo.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ 2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Ainmnigh gluaiseacht eile as an saothar seo a bhfuil guth aonair ann chomh maith.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(25)**

**C. 2** Seinnfear sliocht as *Ceathairéad Uimh. 1 don Phianó* le Gearóid de Barra TRÍ huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Tá 35 barra sa sliocht ina iomláine. Tá scór imlíneach na mbarrraí 1–17 as an sliocht clóbhuailte thíos.




• Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Cá háit sa saothar ina gcloistear an sliocht seo?

❒ i ngiorracht don tús ❒ i lár baill ❒ ag an deireadh

(ii) Is iad na huirlisí a sheinntear sa sliocht ná

❒ veidhlín agus vióla ❒ veidhlín, vióla agus dordveidhil ❒ veidhlín, vióla, dordveidhil agus pianó

(iii) Seinntear an ceol sa sliocht seo

❒ le mothú ❒ go héadrom ❒ go garbh

(iv) Is é an t-amchomhartha i mbarra 10 (marcáilte X ar an scór) ná

❒ $\frac{2}{4}$ ❒ $\frac{3}{4}$ ❒ $\frac{6}{8}$

(v) Déan cur síos ar **aon cheann amháin** de na gnéithe seo a leanas de chuid stíl de Barra ina shaothar *Ceathairéad Uimh. 1 don Phianó*.

canóin méadú ilrithimí nótabhraislí úsáid fonn Gaelach

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**C. 3** Seinnfear sliocht as *Bohemian Rhapsody* le Freddie Mercury TRÍ huaire.

• Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
• Tá na liricí oscailte clóbhuailte thíos.

1. Too late, my time has come,
2. Sends shivers down my spine, body's aching all the time.
3. Goodbye, everybody, I've got to go,
4. Gotta leave you all behind and face the truth.
5. Mama, ooh, I don't want to die,
6. I sometimes wish I'd never been born at all.
   *Idircheol uirlise*

• Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Cén chuid den saothar as ar baineadh an sliocht seo?

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Is é stíl chanta an véarsa sa sliocht seo ná

❒ Rac ❒ Bailéad ❒ Ceoldráma

(iii) Cuir ciorcal timpeall ar shampla d'fhocaldathú sa téacs thuas.

(iv) Cén líne ina gcloistear fonnadóireacht tacaíochta den chéad uair?

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(v) Ainmnigh dhá uirlis a sheinntear i ndiaidh an véarsa sa sliocht seo nuair a bhíonn an t-idircheol uirlise ann.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Cén **ceann amháin** díobh seo thíos a chloistear san idircheol uirlise seo?

❒ fordhubáil ❒ peanáil ❒ aisfhotha ❒ ciombal feirithe

**(10)**

**C. 4** Seinnfear sliocht as *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* le Tchaikovsky TRÍ huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Tá scór imlíneach na mbarrraí 1–8 as an sliocht clóbhuailte thíos.



- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Baineadh an sliocht seo

❒ as an bhfoilsiú ❒ as an bhforbairt ❒ as an athfhoilsiú

(ii) Sainaithin an téama a chloistear sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Ainmnigh an uirlis ar a seinntear an chuntrashéis sna barraí 1–8 sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Tá an chuntrashéis bunaithe ar

❒ dhá nóta ag ísliú ❒ dhá nóta ag ardú ❒ dhá nóta athdhéanta

(iv) Déan cur síos ar cé mar a chruthaíonn Tchaikovsky mothúchán socrachta agus suaimhnis sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(v) Ainmnigh téama eile ón Réamhcheol seo. Déan cur síos ar aon ghné cheoil amháin de chuid an téama seo.

Téama: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Cur síos ar an ngné cheoil: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**LEATHANACH BÁN**

**C. 5 Ceol Gaelach**

Cloisfidh tú TRÍ shliocht. Seinnfear gach sliocht díobh TRÍ huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.

- Freagair A, B agus C.

**A.** Cloisfidh tú Sliocht a hAon á sheinm TRÍ huaire.

(i) Sainaithin stíl na hamhránaíochta sa sliocht. _______________________________

(ii) Sainaithin an uirlis ar a seinntear an tionlacan sa sliocht.

_______________________________

(iii) Sampla de chaoineadh is ea an t-amhrán seo. Cén chaoi a gcuirtear é sin in iúl sa cheol sa sliocht?

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

**B.** Cloisfidh tú Sliocht a Dó TRÍ huaire.

(i) Is é an cineál foinn a chloistear sa sliocht seo ná

❒ máirseáil ❒ fonn mall ❒ polca

(ii) Cé acu **trí cinn** de na huirlisí seo a leanas ar a seinntear an tséis sa sliocht seo?

❒ fliúit ❒ píb uilleann ❒ consairtín

❒ fidil ❒ bodhrán ❒ giotár

Seinntear na huirlisí seo

❒ i gcomhcheol ❒ d'aonghuth ❒ d'iontamhail

(iii) Ainmnigh aon ghné cheoil **amháin** de cheol traidisiúnta na hÉireann is féidir a chloisteáil sa sliocht seo.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

**C.** Cloisfidh tú Sliocht a Trí á sheinm TRÍ huaire.

(i) Is é an cineál fonn damhsa a chloistear sa sliocht ná

❐ port singil ❐ ríl ❐ cornphíopa ❐ port luascach

Is é amchomhartha an damhsa seo ná

❐ $\frac{3}{4}$ ❐ $\frac{4}{4}$ ❐ $\frac{6}{8}$

(ii) Is é patrún rithime an damhsa seo ná

❐  ❐  ❐ 

(iii) Cén **dá cheann** de na huirlisí a leanas ar a seinntear an tséis sa sliocht seo?

❐ píb uilleann ❐ fliúit ❐ bodhrán

❐ feadóg stáin ❐ cláirseach ❐ fidil

**(25)**

Tá sos dhá nóiméad déag ann roimh an gcéad cheist eile.

**C. 6 Scileanna Éisteachta.** Tá an cheist seo bunaithe ar DHÁ leagan de *Your Song* le hElton John.

- Seinnfear an ceol i ngach roinn TRÍ huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna seo a leanas.

**Roinn A**

- Tá scór gutha imlíneach Véarsa 1 clóbhuailte thíos.




(i) Is é líon na mbarraí san intreoir sula dtagann an guth isteach ná

☐ 2 ☐ 3 ☐ 4

Sainaithin an uirlis mhéarchláir san iontreoir.

(ii) Sainaithin agus déan cur síos ar aon ghné rithimeach amháin de líne an ghutha sa sliocht.

(iii) Sainaithin an soschomhartha ag X ar an scór thuas.

(iv) Tá an dúnadh ag Y

☐ foirfe (V–I) ☐ neamhfhoirfe (IV–V) ☐ briste (V–vi)

**Roinn B**

- Tá liricí Véarsa 2 clóbhuailte thíos.

  If I was a sculptor, but then again no,
  Or a man who makes potions in a travelling show,
  I know it's not much, but it's the best I can do,
  My gift is my song, and this <u>one's for you.</u>

(i) Cén fine uirlisí a chuirtear leis an tionlacan sa véarsa seo?

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Seinntear ar na huirlisí seo

❒ nótaí gearra staccato ❒ nótaí poncaithe ❒ nótaí fada marthanacha

(ii) Is é an cur síos is fearr ar uigeacht an cheoil sa véarsa seo ná

❒ monafónach ❒ homafónach ❒ ilfhónach

Mínigh do fhreagra.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Tá airde na dtrí nóta dheireanacha (na focail a bhfuil líne fúthu thuas) bunaithe ar

❒ scála ❒ corda briste ❒ nótaí athdhéanta

**Roinn C**

- Leagan eile de *Your Song.* Níl aon cheol clóbhuailte ann don chuid seo.

(i) Cen **dá cheann** díobh seo a leanas a chloiseann tú sa sliocht?

❒ pizzicato ❒ óbó ❒ bloc-chordaí

❒ cuntrashéis ❒ trumpa ❒ cordaí briste

(ii) Sainaithin dhá dhifríocht idir an leagan seo de *Your Song* agus an bunleagan a chualathas i Ranna A agus B.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(20)**

**LEATHANACH BÁN**